Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Márta 2026
(OR. en)

6717/26
ADD 1

LIMITE

PROBA 10
AGRI 138
WTO 30

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0006(NLE)

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Comhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg a mhéid a bhaineann leis an gcaighdeán trádála le haghaidh olaí olóige agus olaí prabhaite olóige agus modh nua anailíse chun an t innéacs sárocsaíde sna holaí sin a chinneadh |

# IARSCRÍBHINN

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh
i gComhairle Comhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg (CIO)

Tacóidh an tAontas Eorpach leis na leasuithe seo a leanas ar chaighdeán trádála Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg (CIO) (Caighdeán trádála COI/T.15/NC Uimh. 4 a bhfuil feidhm aige maidir le holaí olóige agus olaí prabhaite olóige):

(1) athbhreithniú ar fhonóta maidir leis an gcion iomlán stéaróil in olaí olóige úríona aonchineálacha áirithe tríd an gcineál Coratina a chur leis na cineálacha Koroneiki agus Nocellara del Belice;

(2) modh nua anailíse a chur leis chun an t-innéacs sárocsaíde in olaí olóige agus olaí prabhaite olóige a chinneadh.

Tacóidh an tAontas freisin leis an gcinneadh lena bhformheastar modh nua anailíse (COI/T.20/Doic. Uimh. 38) ina ndéantar foráil maidir le rogha mhalartach níos sábháilte ná an modh reatha de chuid CIO (COI/T.20/Doic. Uimh. 35) lena gcinntear an t-innéacs sárocsaíde in olaí olóige agus olaí prabhaite olóige.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais i gComhairle Comhaltaí CIO oiriúnuithe teicniúla ar mhodhanna nó doiciméid eile de chuid CIO a chomhaontú gan cinneadh eile ón gComhairle más toradh iad na hoiriúnaithe teicniúla sin ar leasuithe dá dtagraítear sa chéad mhír.



PUBLIC